Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10536/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0376 (COD)**

**ENER 302**
**ENV 651**
**TRANS 300**
**ECOFIN 583**
**RECH 250**
**IA 118**
**CODEC 1144**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10284/17<br>+ COR 1<br>+ ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15091/16 ENER 413 ENV 754 TRANS 473 ECOFINI1149 RECH 340 IA 124 CODEC 1789<br>ADD 1 - 13 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh<br>TORADH NA nIMEACHTAÍ |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an cur chuige ginearálta maidir leis an togra thuasluaite, mar a tháinig an Chomhairle air ag an 3554ú cruinniú den Chomhairle Iompair Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh), a tionóladh an 26 Meitheamh 2017.

Ag an gcruinniú den Chomhairle chuir HU, LV, PL, RO, SK agus UK in aghaidh théacs an chur chuige ghinearálta. Staon BG agus SI ón vóta. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh forchoimeádas ginearálta aige maidir leis an téacs.

Déanfar na haithrisí a oiriúnú do na forálacha substainteacha níos déanaí.

2016/0376 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

---

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

(1) Is ceann de na cúig ghné de Straitéis Fuinnimh an Aontais a glacadh an 25 Feabhra 2015 é maolú an éilimh fuinnimh. Trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, rachfar chun sochair don chomhshaol, laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsófar cinnteacht fuinnimh trí spleáchas ar allmhairithe fuinnimh ó lasmuigh den Aontas a laghdú, gearrfar costais fuinnimh do theaghlaigh agus do chuideachtaí, cabhrófar le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus beidh méadú ar phoist agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar fud an gheilleagair mar thoradh air. Tá sé sin i gcomhréir le gealltanais an Aontais a rinneadh faoi chuimsiú an Aontais Fuinnimh agus chlár oibre domhanda na haeráide arna bhunú le Comhaontú Pháras de Nollaig 2015 ag na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

(2) Gné is ea Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chun dul chun cinn ionsar an Aontas Fuinnimh, ar Treoir í faoinar cheart déileáil le héifeachtúlacht fuinnimh mar fhoinse fuinnimh ann féin. Ba cheart an prionsabal 'tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh' a chur i gcuntas nuair a bheidh rialacha nua á leagan síos do thaobh an tsoláthair agus do réimsí eile beartais. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú gur féidir freagairt na héifeachtúlachta fuinnimh agus thaobh an tsoláthair dul san iomaíocht ar bhonn cothrom leis an acmhainn giniúna. Ní mór riachtanais éifeachtúlachta fuinnimh a bhreithniú nuair a dhéanfar cinntí pleanála nó airgeadais maidir leis an gcóras fuinnimh. Ní mór feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh aon uair a bheidh sé níos cost-éifeachtaí ná réitigh choibhéiseacha ó thaobh an tsoláthair de. Ba cheart go gcabhródh sé sin chun leas a bhaint as tairbhí iomadúla na héifeachtúlachta fuinnimh do shochaí na hEorpa, go háirithe i gcás saoránach agus gnóthaí.

(3) Leag Comhairle Eorpach Dheireadh Fómhair 2014 síos sprioc 27 % éifeachtúlachta fuinnimh do 2030, agus sprioc Aontais de 30% a bheidh le hathbhreithniú faoi 2020 'á cur san áireamh'. I mí na Nollag 2015, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar sprioc inmharthanachta fuinnimh 40% don tráthchlár céanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir agus í a leasú dá réir sin chun í a oiriúnú do dhearcadh 2030.

---

[1] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

(4) Níl aon spriocanna ceangailteacha ar an leibhéal náisiúnta i ndearcadh 2030. Ba cheart an gá don Aontas chun a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach ar leibhéal AE, arna sloinneadh i dtomhailt fuinnimh phríomhúil agus deiridh, in 2020 agus in 2030, a leagan amach go soiléir i sprioc cheangailteach 30 %. Níor cheart go ndéanfadh an soiléiriú sin ar leibhéal an Aontais srian a chur ar na Ballstáit toisc go gcoimeádtar a saoirse chun a rannchuidithe náisiúnta a leagan síos bunaithe ar thomhailt fuinnimh phríomhúil nó deiridh nó ar choigiltis fuinnimh phríomhúla nó deiridh, nó ar dhéine fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit a rannchuidithe táscacha éifeachtúlachta fuinnimh a leagan síos agus é á chur i gcuntas nach mór tomhailt fuinnimh an Aontais in 2030 gan a bheith níos mó ná 1 321 d'fhuinneamh príomhúil agus gan a bheith níos mó ná 987 Mtoe d'fhuinneamh deiridh. Fágann sin gur cheart laghdú 23% a dhéanamh ar an tomhailt fuinnimh phríomhúil agus gur cheart tomhailt fuinnimh deiridh a laghdú 17% san Aontas i gcomparáid le leibhéil 2005. Is gá meastóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar sprioc Aontas 2030 agus déantar foráil dó sa togra reachtach maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh.

(5) Ba cheart an oibleagáid ar na Ballstáit le haghaidh straitéisí fadtéarmacha a bhunú chun leas a bhaint as infheistíocht in athchóiriú a soláthair foirgneamh agus an Coimisiún a chur ar an eolas fúthu a bhaint de Threoir 2012/27/AE agus a chur le Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i gcás ina dtagann sé le pleananna fadtéarmacha d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus le dícharbónú foirgneamh.

(6) I bhfianaise an chreata aeráide agus fuinnimh do 2030, ba cheart an oibleagáid um choigiltis fuinnimh a fhadú thar 2020. Leis an tréimhse ghealltanais a fhadú thar 2020, chruthófaí cobhsaíocht níos fearr d'infheisteoirí agus spreagfaí infheistíochtaí fadtéarmacha ar an tslí sin, amhail athchóiriú foirgneamh.

---

1 Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13.

(7) Ceanglaítear ar na Ballstáit ceanglas carnach le haghaidh coigiltis úsáide deiridh don tréimhse oibleagáide go léir atá coibhéiseach do choigiltis nua 1.5% do dhíolacháin fuinnimh bhliantúla. D'fhéadfaí an ceanglas sin a chomhlíonadh trí bhearta nua beartais a ghlacfar le linn na tréimhse oibleagáide nua ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030 nó trí ghníomhaíochtaí nua aonair mar thoradh ar bhearta beartais a glacadh le linn na tréimhse roimhe sin nó roimh an tréimhse sin, ach ar bearta iad a dtugtar isteach iarbhír na gníomhaíochtaí aonair a spreagann coigiltis fuinnimh ina leith le linn na tréimhse nua.

(7a) Mar sin féin, bheadh sé díréireach ceanglas den chineál sin a fhorchur ar na Ballstáit bheaga sin ar oileáin iad. Go deimhin, baineann saintréithe sonracha dá gcuid féin le margadh fuinnimh na mBallstát sin, a fhágann teorainn nach beag ar raon na mbeart atá ar fáil le hoibleagáid an choigiltis fuinnimh a chomhlíonadh i.e. gan aon dáileoir leictreachais aonair a bheith acu, gan aon ghréasáin gáis nádúrtha acu, gan aon ghréasáin téimh agus fuaraithe ceantair acu, agus na comhlachtaí dáileacháin peitriliam a bheith beag. Anuas air sin, tá an margadh fuinnimh sna Ballstáit sin róbheag. Fágann sin nár cheart a cheangal ar na Ballstáit bheaga sin ar oileáin iad ach ceanglas carnach le haghaidh coigiltis úsáide deiridh a bhaint amach arb ionann é agus 0.8% do dhíolacháin fuinnimh bhliantúla don tréimhse 2021-2030.

(8) Le bearta fadtéarmacha éifeachtúlachta fuinnimh, leanfar de choigiltis fuinnimh a thabhairt tar éis 2020 ach chun rannchuidiú le céadsprioc éifeachtúlachta fuinnimh eile 2030, ba cheart go dtabharfadh na bearta sin coigiltis nua tar éis 2020. Ar an taobh eile, ní fhéadfar coigiltis fuinnimh a bhaintear amach tar éis an 31 Nollaig, 2020 a chomhaireamh faoi chomhair an mhéid coigiltis charnaigh is gá don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

(9) Ba cheart go mbeadh coigiltis nua sa bhreis ar 'ghnó mar is gnáth' ionas nach bhféadfar coigiltis a bheadh tarlaithe ar aon chás a éileamh. Chun tionchar na mbeart a tugadh isteach a ríomh ní fhéadfar ach na glanchoigiltis, arna dtomhas mar an t-athrú ar an dtomhailt fuinnimh atá inchurtha go díreach i leith an bhirt éifeachtúlachta fuinnimh lena mbaineann, a ríomh. Chun glanchoigiltis a ríomh, ba cheart do na Ballstáit cás bunlíne a bhunú conas a d'fhorbródh tomhailt fuinnimh in éagmais an bheartais atá i gceist. Ba cheart an idirghabháil beartais sin a mheasúnú le hais na bunlíne sainmhínithe sin. Ba cheart do na Ballstáit a chur i gcuntas go bhféadfar idirghabhálacha eile beartais a ghabháil de láimh sa fhráma ama céanna agus go bhféadfadh sé sin tionchar a bheith aige sin ar choigiltis fuinnimh, ionas nach féidir na hathruithe go léir a tugadh faoi deara ón uair a tugadh an idirghabháil beartais atá á mheasúnú a chur i leith an bhirt beartais sin, agus i leith an bhirt sin amháin. Ba cheart gníomhartha an pháirtí faoi oibleagáid, an pháirtí rannpháirtigh nó an pháirtí ar cuireadh cúram air rannchuidiú leis na coigiltis a éilítear a bhaint amach chun comhlíonadh an cheanglais ábharthachta a áirithiú.

(10) Ní fhéadfar coigiltis arb é cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais is toradh dóibh a éileamh mura dtéann an beart atá i gceist thar an íosmhéid a éilítear le reachtaíocht an Aontais lena mbaineann, cibé acu trí cheanglais éifeachtúlachta fuinnimh a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta nó gabháil ar láimh an bhirt a mhéadú. Á aithint gur gné ríthábhachtach é athchóiriú foirgneamh i gcoigiltis fuinnimh a mhéadú, is gá a shoiléiriú gur féidir na coigiltis fuinnimh go léir a eascraíonn ó na bearta a chuireann chun athchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana a éileamh má tá siad sa bhreis ar na forbairtí a tharlódh in éagmais na mbeart beartais agus má léiríonn an Ballstát gur rannchuidigh an páirtí faoi oibleagáid, an páirtí rannpháirteach nó an páirtí ar cuireadh cúram air iarbhír na coigiltis a éilítear don bheart lena mbaineann a bhaint amach. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaíonn athchóiriú athchóiriú foirgneamh, imchlúdach foirgnimh, agus gnéithe tógála lena n-áirítear córais theicniúla tógála. Ní mheastar gur 'córas' í suiteáil trealamh aonair aisti féin.

(11) I gcomhréir le Straitéis an Aontais Fuinnimh agus le prionsabail na rialála níos fearr, ba cheart tosaíocht níos mó a thabhairt do rialacha faireacháin agus fíoraithe, lena n-airítear an ceanglas chun sampla ionadaíoch de na bearta a sheiceáil. Ba cheart tagairtí do 'sciar mór ó thaobh an staidrimh de agus sampla ionadaíoch' a thuiscint gur gá fothacar de líon staidrimh (de bhearta coigiltis fuinnimh) a bhunú ar shlí a léiríonn go cruinn an daonra ar fad i gceist (na bearta coigiltis fuinnimh go léir), agus, ar an tslí sin baintear tátail réasúnacha maidir le muinín as iomlán na mbeart.

(12) Ba cheart go rachadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh chun tairbhe do thomhaltóirí go háirithe na daoine sin a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Is féidir le Ballstáit a cheangal ar pháirtithe faoi oibleagáid cheana féin aidhmeanna sóisialta a chur san áireamh i ndáil le bochtaineacht fuinnimh, agus ba cheart an fhéidearthacht sin a leathnú amach chuig bearta malartacha agus a chlaochlú ina hoibleagáid agus solúbthacht iomlán á fágáil ag na Ballstáit maidir le méid, raon feidhme agus inneachar na mbeart sin. I gcomhréir le hAirteagal 9 den Chonradh, ba cheart do bheartais éifeachtúlachta fuinnimh a bheith cuimsitheach agus dá bhrí sin inrochtaineacht beart éifeachtúlachta fuinnimh do thomhaltóirí atá bocht ó thaobh an fhuinnimh de a áirithiú freisin.

(13) Laghdaíonn fuinneamh a ghintear ó theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite an fuinneamh iontaise a sholáthraítear. Is bearta tábhachtacha iad laghdú na tomhailte fuinnimh agus úsáid an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh chun spleáchas fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú, go háirithe i bhfianaise na gcuspóirí uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh a leagtar síos do 2030 chomh maith leis an ngealltanas foriomlán a rinneadh sa Chomhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21) a tionóladh i bPáras i mí na Nollag 2015. Chun críocha na hoibleagáide coigiltis fuinnimh atá in Airteagal 7, ba cheart go mbeadh na Ballstáit, dá bhrí sin, in ann na coigiltis fuinnimh ó fhuinneamh in-athnuaite, a ghintear dá n-úsáid féin ar fhoirgnimh nó i bhfoirgnimh, a chur san áireamh chun a gceanglais coigiltis fuinnimh a chomhlíonadh.

(14) Mar chuid de na bearta a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Socrú a chur ar fáil do Thomhaltóirí Fuinnimh, i gcomhthéacs an Aontais Fuinnimh agus na straitéise Téimh agus Fuaraithe, is gá bunchearta na dtomhaltóirí ar fhaisnéis shoiléir agus thráthúil faoina dtomhailt fuinnimh a neartú. Ba cheart Airteagal 9 go hAirteagal 11 agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/27/AE a leasú chun foráil d'aiseolas rialta agus aiseolas feabhsaithe a fháil i leith tomhailt fuinnimh, ach sin a bheith indéanta go teicniúil agus go cost-éifeachtach i bhfianaise na bhfeistí tomhais atá i bhfeidhm. Ní mór an méid seo a shoiléiriú: braitheann a chost-éifeachtaí atá fomhéadrú ar cé acu atá nó nach bhfuil na costais ghaolmhara i gcomhréir leis na coigiltis fuinnimh fhéideartha. Fágann sin gur féidir an tionchar a bheadh ag bearta nithiúla eile atá beartaithe d'fhoirgneamh ar leith, mar shampla athchóiriú, a chur san áireamh sa mheasúnú. Ba cheart a shoiléiriú freisin go bhfuil feidhm ag billeáil agus le faisnéis bhilleála maidir le tomhaltóirí téimh, fuaraithe nó uisce the arna soláthar ag foinse lárnach, fiú nuair nach bhfuil aon chaidreamh díreach, aonair le soláthróir fuinnimh. Féadfar a thuiscint go n-áirítear leis na sainmhíniú ar an téarma 'custaiméir deiridh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a cheannaíonn fuinneamh bunaithe ar chonradh díreach, aonair le soláthróir fuinnimh. Dá bhrí sin, chun críocha na bhforálacha sin, ba cheart an téarma 'custaiméir deiridh' a úsáid feasta chun tagairt a dhéanamh do ghrúpa níos fairsinge tomhaltóirí. Chomh maith leis na custaiméirí deiridh sin a cheannaíonn téimh, fuarú nó uisce te dá n-úsáid féin, ba cheart go gcumhdófaí leis an téarma 'úsáideoir deiridh' áitritheoirí aonad aonair i bhfoirgnimh ilárasán nó ilchuspóra i gcás ina soláthraíonn foinse lárnach do na haonaid sin agus i gcás nach bhfuil aon chonradh díreach nó aonair ag na háitritheoirí leis an soláthróir fuinnimh. Ba cheart go dtagródh 'fomhéadrú' do thomhailt a thomhas in aonaid aonair de na foirgnimh sin. Faoin 1 Eanáir 2020, ba cheart méadair teasa nuashuiteáilte agus leithdháileoirí costais teasa a bheith inléite go cianda chun faisnéis tomhaltais chost-éifeachtach a sholáthraítear go rialta a áirithiú. Tá sé beartaithe feidhm a bheith ag Airteagal 9a le téimh, le fuarú agus le huisce te arna soláthar ag foinse lárnach, agus leo sin amháin. Fágfar faoin mBallstát féin a chinneadh cé acu an measfar nó nach measfar gur teicneolaíochtaí atá inléite go cianda iad teicneolaíochtaí léimh shoghluaiste (de chineál 'walk-by'/'drive-by'). Ní gá go mbeadh rochtain ar árasáin nó aonaid aonair chun go bhféadfaí na feistí atá inléite go cianda a léamh.

(14a) Chun trédhearcacht agus cruinneas na cuntasaíochta a áirithiú i gcás tomhailt aonair fuinnimh theirmigh, agus cur chun feidhme an fhomhéadraithe a éascú ar an gcaoi sin, ba cheart do na Ballstáit aon rialacha náisiúnta a chur ar fáil don phobal, ar rialacha náisiúnta iad is infheidhme maidir le leithdháileadh chostas na tomhailte téimh, fuaraithe agus uisce the i bhfoirgnimh ilárasán agus ilchuspóra. Anuas ar an trédhearcacht sin, féadfaidh na Ballstáit, más mian leo, cuimhneamh ar bhearta a ghlacadh chun an t-iomaíochas a neartú maidir le soláthar seirbhísí fomhéadraithe, rud a chuideodh lena áirithiú go mbeadh aon chostas a bheadh le híoc ag na húsáideoirí deiridh réasúnach.

(15) Ba cheart forálacha áirithe d'Airteagal 15 de Threoir 2012/27/AE maidir le claochlú, tarchur agus dáileadh fuinnimh a aisghairm. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar an *acquis* i réimse an fhuinnimh go mbeidh oibleagáidí na mBallstát faoi na gníomhartha éagsúla a bhaineann le fuinneamh a bheith struchtúraithe ar bhealach éagsúil. Níor cheart go ndéanfadh an t-athstruchtúrú difear d'oibleagáidí na mBallstát ceanglais shubstainteacha Threoir 2012/27/AE a chomhlíonadh, ar Treoir í a fhéadfar a thabhairt isteach an athuair, go hiomlán nó i bpáirt, i ngníomhartha eile.

(16) Agus dul chun cinn teicneolaíoch agus an sciar méadaitheach na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite san earnáil ghiniúna leictreachais á léiriú aige, ba cheart an chomhéifeacht réamhshocraithe do choigiltí i leictreachas kWh a athbhreithniú chun athruithe san fhachtóir fuinnimh príomhúil (PEF) do leictreachas a léiriú. Tá ríomhanna don PEF don leictreachas bunaithe ar mheánluachanna bliantúla. Úsáidtear modh cuntasaíochta an inneachair Fhisiciúil fuinnimh le haghaidh leictreachas núicléach agus le haghaidh giniúint teasa agus úsáidtear an modh Teicniúil comhshó éifeachtúlachta i gcomhair leictreachais agus chun teas a ghiniúint ó bhreoslaí iontaise agus ón mbithmhais. Is é an modh atá ann d'fhuinneamh inathnuaite an choibhéis dhíreach bunaithe ar an gcur chuige Iomlán príomhúil fuinnimh. Chun an sciar fuinnimh phríomhúil leictreachais i gcomhghiniúint cumhachta agus teasa CCT a ríomh, baintear feidhm as an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Threoir 2012/27/AE. Úsáidtear meánsuíomh ar an margadh seachas suíomh imeallach. Glactar leis gurb é 100 % atá ann d'éifeachtúlachtaí comhshó agus d'fhoinsí in-athnuaite neamh-indóite 10% do stáisiúin chumhachta gheoiteirmeacha agus 33 % do stáisiúin chumhachta núicléacha. Déantar éifeachtúlacht do chomhghiniúint a ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí ó Eurostat. Dála teorainneacha córais, is é 1 an PEF do na foinsí fuinnimh go léir. Is bunaithe ar na leaganacha is déanaí de Chás Tagartha PRIMES atá na ríomhanna. Tá na ríomhanna bunaithe ar na leaganacha is déanaí de Chás Tagartha PRIMES Tá luach an PEF bunaithe ar an réamh-mheastachán do 2020. Cumhdaítear Ballstáit an Aontais agus an Iorua leis an anailís seo. Tá an tacar sonraí don Iorua bunaithe ar shonraí ENTSO-E.

(17) Chun a áirithiú gur féidir na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir agus na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 14(10) a thabhairt cothrom le dáta, is gá tarmligean na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún a fhadú.

(18) Chun gur féidir éifeachtúlacht Threoir 2012/27/AE a mheasúnú, ba cheart ceanglas le haghaidh athbhreithniú ginearálta ar an Treoir agus tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 28 Feabhra 2024 a thabhairt isteach.

(19) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[1], ghabh na Ballstáit de láimh, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí leis na doiciméid sin a tharchur.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2012/27/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

[1] OJ C 369, 17.12.2011, p. 14.

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2012/27/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bunaítear leis an treoir seo creat comhchoiteann do bhearta chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn laistigh den Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonfar príomhspriocanna 20% 2020 agus príomhspriocanna 30% 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus go réiteoidh sé an bealach d'fheabhsuithe breise fuinnimh tar éis na ndátaí sin. Leagtar síos rialacha leis an treoir atá ceaptha chun bacainní i margadh an fhuinnimh a bhaint agus chun an ceann is fearr a fháil ar chlistí sa mhargadh a chuireann bac ar éifeachtúlacht i soláthar agus in úsáid fuinnimh agus déantar foráil maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta táscacha agus maidir le rannchuidithe do 2020 agus do 2030.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

**Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh**

1. 1. Leagfaidh gach Ballstát síos sprioc éifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta tháscach bunaithe ar thomhailt fuinnimh phríomhúil nó deiridh, ar choigiltis fuinnimh phríomhúla nó deiridh, nó ar dhéine fuinnimh. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do na Ballstáit faoi na spriocanna sin i gcomhréir le hAirteagal 24(1) agus le hIarscríbhinn XIV Cuid 1. Agus iad ag déanamh amhlaidh, sloinnfidh siad na spriocanna sin i dtéarmaí dearbh-leibhéal de thomhailt fuinnimh phríomhúil agus deiridh in 2020 agus míneoidh siad conas, agus na sonraí arb ar a mbonn, nach mór é sin a ríomh.

Agus na spriocanna sin á leagan síos, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas i gcuntas:

(a) nach bhféadfaidh tomhailt fuinnimh an Aontais in 2020 a bheith níos mó ná 1 483 Mtoe d'fhuinneamh príomhúil ná níos mó ná 1 086 Mtoe d'fhuinneamh deiridh;

(b) na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo;

(c) na bearta arna nglacadh chun na spriocanna náisiúnta coigiltis arna nglacadh de bhun Airteagal 4(1) de Threoir 2006/32/CE; agus

(d) Bearta eile chun éifeachtúlacht fuinnimh laistigh de na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn.

Agus na spriocanna sin á leagan síos, féadfaidh na Ballstáit na himthosca a dhéanann difear do thomhailt phríomhúil fuinnimh, amhail:

(a) an acmhainneacht coigiltis fuinnimh atá fágtha;

(b) athruithe ar an OTI agus réamhthuar ina leith;

(c) athruithe ar allmhairithe agus ar onnmhairithe fuinnimh;

(d) forbairt ar fhoinsí uile fuinneamh in-athnuaite, ar fhuinneamh núicléach, ar ghabháil agus stóráil carbóin; agus

(e) gníomhaíocht luath.

2. Faoin 30 Meitheamh 2014, déanfaidh an Coimisiún measúnú mar an dul chun cinn atá déanta agus i dtaobh an dócha go mbainfidh an tAontas amach tomhailt fuinnimh nach mó ná 1 483 Mtoe d'fhuinneamh príomhúil agus nach mó ná 1 086 Mtoe d'fhuinneamh deiridh in 2020.

3. Agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 2 á chur i gcrích aige, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

(a) suim na spriocanna táscacha éifeachtúlachta fuinnimh arna dtuairisciú ag na Ballstáit;

(b) measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir suim na spriocanna sin a mheas mar threoir iontaofa an bhfuil an tAontas ina iomláine ar an mbealach ceart agus an mheastóireacht ar an gcéad tuarascáil bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 24(1), agus meastóireacht Phleananna Gníomhaíochta na hÉifeachtúlachta Fuinnimh Náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 24(2) á gcur i gcuntas;

(c) anailís chomhlántach ag eascairt as na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:

(i) measúnú ar an dul chun cinn i dtomhailt fuinnimh i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch, ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear éifeachtúlacht soláthair fuinnimh i mBallstáit a bhfuil a spriocanna táscacha náisiúnta ar thomhailt fuinnimh deiridh nó ar choigiltis fuinnimh deiridh, lena n-airítear Caibidil III den Treoir seo a bheith á comhlíonadh ag na Ballstáit;

(ii) Torthaí ó chleachtaí samhaltaithe i ndáil le treochtaí i dtomhailt fuinnimh ar leibhéal an Aontais.

(d) comparáid a dhéanamh idir na torthaí faoi phointe (a) go (c) le cainníocht na tomhailte fuinnimh a mbeadh gá leis chun tomhailt fuinnimh nach mó ná 1 483 Mtoe d'fhuinneamh príomhúil agus nach mó ná 1 086 Mtoe d'fhuinneamh deiridh in 2020 a bhaint amach.

3a. Faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an Aontas príomhspriocanna 2020 a bhaint amach.

4. 4. Soláthróidh gach Ballstát rannchuidithe éifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta táscacha ionsar sprioc 2030 an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 mír 1 i gcomhréir le hAirteagal [4] agus [6] de Rialachán (AE) XX/20XX [Rialachas an Aontais Fuinnimh]. Nuair a bheidh na rannchuidithe sin á leagan síos, cuirfidh na Ballstáit i gcuntas nach mór tomhailt fuinnimh an Aontais in 2030 gan a bheith níos mó ná 1 321 d'fhuinneamh príomhúil agus gan a bheith níos mó ná 987 Mtoe d'fhuinneamh deiridh. Cuirfidh na Ballstáit na rannchuidithe in iúl don Choimisiún mar chuid dá bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir leis an nós imeachta de bhun Airteagail [3] agus [7] go [11] de Rialachán (AE) XX/20XX [Rialachas an Aontais Fuinnimh].';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

'Airteagal 7

**Oibleagáid coigiltis fuinnimh**

1. Bainfidh na Ballstáit coigiltis charnacha fuinnimh críochúsáide amach a bheidh comhionann ar a laghad:

(a) le coigiltis nua gach bliain ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 de 1.5% de dhíolacháin fuinnimh bhliantúla le custaiméirí deiridh de réir toirte, a mheánaítear thar an tréimhse is déanaí trí bliana roimh an 1 Eanáir 2013;

(b) le coigiltis nua gach bliain

- ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025 de 1.5% de dhíolacháin fuinnimh bhliantúla le custaiméirí deiridh de réir toirte, a mheánaítear thar an tréimhse is déanaí trí bliana roimh an 1 Eanáir 2019;

- ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030 de 1.0% de dhíolacháin fuinnimh bhliantúla le custaiméirí deiridh de réir toirte, a mheánaítear thar an tréimhse is déanaí trí bliana roimh an 1 Eanáir 2019.

De mhaolú air seo, bainfidh na Ballstáit bheaga sin ar oileáin iad coigiltis nua amach gach bliain, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030, arb ionann iad agus 0.8% de dhíolacháin fuinnimh bhliantúla le custaiméirí deiridh de réir toirte, a mheánaítear thar an tréimhse trí bliana is déanaí roimh an 1 Eanáir 2019.

Chun críocha phointe (b), agus gan dochar do mhír 2 agus mhír 3, féadfaidh na Ballstáit na coigiltis fuinnimh a eascraíonn as bearta beartais, cibé acu a thugtar isteach iad tar éis an 31 Nollaig 2020 nó roimhe sin, a chomhaireamh ar choinníoll go mbíonn gníomhaíochtaí nua aonair, a ghabhtar de láimh tar éis an 31 Nollaig 2020, mar thoradh ar na bearta sin.

Féadfaidh díolacháin an fhuinnimh, de réir toirte, a úsáidtear san iompar a eisiamh go páirteach nó go hiomlán ó na ríomhanna sin.

Cinnfidh na Ballstáit conas a chéimneofar cainníocht ríofa na gcoigilteas nua thar gach tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) fad a bheidh na coigiltis charnacha iomlána is gá bainte amach faoi dheireadh gach tréimhse.

2. Faoi réir mhír 3, féadfaidh gach Ballstát:

(a) an ríomh a cheanglaítear le pointe (a) de mhír 1 ag úsáid luachanna 1% in 2014 agus in 2015 a dhéanamh; 1.25 % in 2016 agus 2017; agus 1.5 % in 2018, 2019 agus 2020;

(b) iomlán na ndíolachán fuinnimh a úsáidtear i ngníomhaíochtaí tionscail in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nó cuid díobh, de réir toirte a eisiamh ón ríomh;

(c) coigiltis fuinnimh a baineadh amach sna hearnálacha trasfhoirmithe, dáilte agus tarchurtha fuinnimh, lena n-áirítear téamh ceantar éifeachtúil agus fuarú bonneagair, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 14(4), pointe (b) d'Airteagal 14(5) agus Airteagal 15(1) go (6) agus (9), a chomhaireamh faoi chomhair an mhéid coigiltis fuinnimh a cheanglaítear faoi mhír 1;

(d) coigiltis fuinnimh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí aonair a cuireadh i bhfeidhm go nua ón 31 Nollaig 2008 a chomhaireamh a leanfaidh de thionchar a bheith acu in 2020 agus ina dhiaidh agus is féidir a thomhas agus a fhíorú, faoi chomhair an mhéid coigiltis fuinnimh dá dtagraítear i mír 1;

(e) coigiltis fuinnimh a eascraíonn as bearta beartais a chomhaireamh ar choinníoll gur féidir a léiriú go mbíonn gníomhaíochtaí aonair, a ghabhtar de láimh tar éis an 1 Eanáir 2018 agus roimh an 31 Nollaig 2020 agus lena dtugtar coigiltis tar éis an 31 Nollaig 2020, mar thoradh ar na bearta sin.

(f) 30% den méid infhíoraithe fuinnimh ó fhuinneamh in-athnuaite, a ghintear dá n-úsáid féin ar fhoirgnimh nó i bhfoirgnimh mar thoradh ar bhearta beartais a chuireann suiteáil nua teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite chun cinn, a eisiamh ó ríomh an cheanglais coigiltis fuinnimh dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní féidir gur mó na roghanna uile a roghnaítear faoi mhír 2 á gcur le chéile ná 35% den mhéid coigilteas fuinnimh dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh na Ballstáit éifeacht na roghanna a roghnaítear do na tréimhsí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 a chur i bhfeidhm agus a ríomh ar leithligh:

(a) i gcás ríomh an mhéid choigiltis fuinnimh is gá don tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as pointí (a), (b), (c) agus (d) de mhír 2;

(b) i gcás ríomh an mhéid choigiltis fuinnimh is gá don tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír, 1 féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as pointí (b), (c), agus (d) de mhír 2 ar choinníoll go leanfaidh gníomhaíochtaí aonair i mbrí phointe (d) de thionchar infhíoraithe agus intomhaiste a bheith acu tar éis an 31 Nollaig 2020.

4. Ní fhéadfar coigiltis fuinnimh a bhaintear amach tar éis an 31 Nollaig, 2020 a chomhaireamh faoi chomhair an mhéid coigilteas carnach is gá don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

4a. Féadfaidh na Ballstáit a sháraíonn an méid coigilteas carnach fuinnimh is gá ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 aon choigiltis bhreise a chomhaireamh i dtreo an mhéid coigilteas carnach fuinnimh is gá le haghaidh na tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2030.

4b. Féadfaidh na Ballstáit a lamháil do pháirtithe faoi oibleagáid coigiltis a fhaightear i mbliain ar leith a chomhaireamh amhail is dá mbeidís faighte ina ionad in aon cheann de na ceithre bliana roimhe sin nó na trí bliana dá éis fad is nach bhfuil sé seo thar dheireadh na dtréimhsí oibleagáide a leagtar amach i mír (1), ar choinníoll go bhféadfar an farasbarr coigilteas fuinnimh a fhaightear ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, go bhféadfar é a chomhaireamh i dtreo na n-oibleagáidí atá le comhlíonadh idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2030.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar coigiltis ag eascairt ó bhearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 7a agus in Airteagal 7b agus in Airteagal 20(6) a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

6. Déanfaidh na Ballstáit an méid coigilteas is gá faoi mhír 1 a bhaint amach trí scéim oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 7a a bhunú nó trí bhearta malartacha dá dtagraítear in Airteagal 7b a ghlacadh. Féadfaidh na Ballstáit scéim oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh a chumasc le bearta beartais eile.

6a. Le linn dóibh na bearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 7a agus in Airteagal 7b a dhearadh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an gá atá leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú, i gcomhréir leis na critéir arna sainiú ag na Ballstáit agus na cleachtais atá acu cheana féin sa réimse sin á gcur san áireamh.[1];

7. Léireoidh na Ballstáit i gcás ina mbeidh forluí i dtionchar na mbeart beartais nó na ngníomhaíochtaí aonair, nach mbeidh aon ríomh dúbailte coigilteas fuinnimh.';

8. Faoin 30 Meitheamh 2024, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo na bpríomhspriocanna a leagtar amach in Airteagal 3(4) agus ar cibé acu ba cheart nó nár cheart, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, an luach a leagtar síos sa dara fleasc de mhír 1(b) a mhéadú go dtí 1.5 % don tréimhse ó 2026-2030. Más iomchuí, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun na críche sin.

(4) Cuirtear Airteagal 7a agus Airteagal 7b seo a leanas isteach:

---

1 Faoi réir thoradh an phlé ar Threoir [XXXX] maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas, féadfar crostagairt a dhéanamh d'Airteagal 29 den Treoir sin.

'Airteagal 7a

**Scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh**

1. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit a n-oibleagáidí a chomhlíonadh chun an méid coigilteas a cheanglaítear faoi Airteagal 7(1) a bhaint amach trí scéim oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh, áiritheoidh siad go mbainfidh amach na páirtithe faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 2 atá ag feidhmiú i gcríoch gach Ballstáit, gan dochar d'Airteagal 7(2), ceanglas na gcoigilteas carnach fuinnimh críochúsáide a leagtar amach in Airteagal 7(1).

2. Ainmneoidh na Ballstáit, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, páirtithe faoi oibleagáid i measc dáileoirí fuinnimh agus/nó cuideachtaí díolacháin fuinnimh miondíola a oibríonn ina chríoch agus féadfaidh siad dáileoirí breosla iompair nó miondíoltóirí breosla iompair a oibríonn ina chríoch a áireamh. Déanfaidh na páirtithe faoi oibleagáid i measc custaiméirí deiridh, arna n-ainmniú ag an mBallstát, go neamhspleách ar an ríomh de bhun Airteagal 7(1), nó, má chinneann na Ballstáit amhlaidh, trí dheimhniú coigilteas a eascraíonn ó pháirtithe eile de réir mar a thuairiscítear i bpointe (b) de mhír 5, an méid coigilteas fuinnimh is gá a bhaint amach chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid coigilteas fuinnimh a cheanglófar ar gach páirtí faoi oibleagáid i dtéarmaí ídiú fuinnimh deiridh nó phríomhúil a chur in iúl. Úsáidfear an modh a roghnaíodh chun an méid coigilteas fuinnimh a cheanglófar a chur in iúl freisin chun na coigiltis a éileoidh páirtithe faoi oibleagáid a ríomh. Beidh feidhm ag na fachtóirí comhshóite a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

4. Cuirfidh na Ballstáit córais tomhais, rialaithe agus fíoraithe i bhfeidhm, faoina ndéanfar ar a laghad sciar atá suntasach go staitistiúil agus sampla ionadaíoch de na bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chuir na páirtithe faoi oibleagáid i bhfeidhm, a fhíorú. Déanfar an tomhas, an rialú agus an fíorú sin go neamhspleách ar na páirtithe faoi oibleagáid.

5. Laistigh den scéim oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh:

(a) [scriosta]

(b) Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go gcomhairfidh páirtithe faoi oibleagáid coigiltis fuinnimh dheimhnithe ina n-oibleagáid a bhaineann soláthraithe seirbhíse fuinnimh nó tríú páirtithe eile amach lena n-áirítear nuair a chuirfidh páirtithe faoi oibleagáid bearta chun cinn trí chomhlachtaí formheasta eile ag Stát nó trí údaráis phoiblí a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh baint a bheith aige le comhpháirtíochtaí foirmiúla agus a fhéadfaidh a bheith in éineacht le foinsí eile airgeadais. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit amhlaidh, áiritheoidh siad go bhfuil próiseas faofa i bhfeidhm atá soiléir, trédhearcach agus oscailte do gach gníomhaí margaidh, agus arb é is aidhm dó na costais a bhaineann le deimhniúchán a laghdú.

6. Uair sa bhliain, foilseoidh na Ballstáit na coigiltis fuinnimh a bheidh bainte amach ag gach páirtí faoi oibleagáid, nó gach fochatagóir páirtí faoi oibleagáid, agus san iomlán faoin scéim.

Aireagal 7b

**Bearta beartais eile**

1. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit a n-oibleagáidí chun na coigiltis a cheanglaítear faoi Airteagal 7(1) a bhaint amach trí bhearta beartais eile áiritheoidh siad go mbainfear amach na coigiltis fuinnimh a cheanglaítear faoi Airteagal 7(1) i measc na gcustaiméirí deiridh.

2. [scriosta]

3. I gcás gach beart eile seachas na cinn sin a bhaineann le bearta cánachais, cuirfidh na Ballstáit córais tomhais, rialaithe agus fíoraithe i bhfeidhm, faoina ndéanfar ar a laghad sciar atá suntasach go staitistiúil agus sampla ionadaíoch de na bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chuir na páirtithe rannpháirteacha nó iontaoibhe, a fhíorú. Déanfar an tomhas, an rialú agus an fíorú sin go neamhspleách ar na páirtithe iontaoibhe.';

(5) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Méadrú i gcomhair gáis';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Áiritheoidh na Ballstáit, a mhéid is féidir go teicniúil, réasúnach agus comhréireach ó thaobh airgeadais i ndáil leis na coigiltis fuinnimh fhéideartha, go gcuirfear ar fáil méadair aonair ar phraghas iomaíoch do chustaiméirí deiridh i gcomhair gás nádúrtha a léireoidh tomhailt fuinnimh iarbhír an chustaiméara deiridh go cruinn agus a chuirfidh faisnéis faoin am úsáide iarbhír ar fáil.';

(c) leasaítear mír 2 mar a leanas;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'I gcás go ndéanfaidh, agus a mhéid a dhéanfaidh, na Ballstáit córais méadrú cliste a chur chun feidhme agus méadar cliste i gcomhair gáis nádúrtha a rolladh amach i gcomhréir le Treoir 2009/73/CE.';

(ii) scriostar pointe (c) agus pointe (d);

(d) scriostar mír 3;

(6) cuirtear isteach Airteagal 9a, Airteagal 9b agus Airteagal 9c mar a leanas:

'Airteagal 9a

**Méadrú i gcás téimh, fuaraithe agus uisce te tí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear méadair ar phraghas iomaíoch ar fáil do chustaiméirí deiridh i gcomhair téamh ceantair, fuarú ceantair agus uisce te tí a léireoidh go cruinn tomhailt fuinnimh iarbhír an chustaiméara deiridh.

I gcás ina soláthrófar téamh, fuarú nó uisce te d'fhoirgneamh ó fhoinse lárnach a sheirbhísíonn foirgnimh iolracha nó ó líonra téimh nó fuaraithe ceantair, suiteálfar méadar ag an malartóir teasa nó ag an bpointe seachadta.

'Airteagal 9b

**Fomhéadrú agus leithroinnt costais i gcás téimh, fuaraithe agus uisce te tí**

1. I bhfoirgnimh ilárasán agus ilchuspóra a bhfuil foinse téimh lárnaigh nó fuaraithe acu nó a sholáthraítear as córais téimh agus fuaraithe ceantair, suiteálfar méadair aonair chun an tomhailt teasa nó fuaraithe nó uisce the do gach aonad foirgnimh a thomhas, ach sin a bheith indéanta go teicniúil agus go cost-éifeachtach i dtéarmaí an méid sin a bheith comhréireach i ndáil leis na coigiltis fuinnimh fhéideartha.

I gcás nach mbeidh úsáid méadar aonair indéanta go teicniúil nó i gcás nach mbeidh sé cost-éifeachtúil téamh i ngach aonad foirgnimh a thomhas, úsáidfear leithdháileoirí costais teasa aonair chun tomhailt teasa a thomhas ag gach radaitheoir mura suífidh an Ballstát atá i gceist nach mbeidh suiteáil na leithdháileoirí costais teasa sin cost-éifeachtúil. Sna cásanna sin, féadfar modhanna eile tomhais tomhaltas teasa a mheas. Déanfaidh gach Ballstát na critéir, na modheolaíochtaí agus/nó na nósanna imeachta ginearálta chun an neamh-indéantacht theicniúil agus an neamh-chost-éifeachtúlacht a chinneadh a leagan amach agus a fhoilsiú go soiléir.

2. I bhfoirgnimh ilárasán nua agus sa chuid chónaithe sin d'fhoirgnimh ilchuspóra nua, i gcás ina bhfuil foinse lárnach téimh le haghaidh uisce te acu nó go ndéantar soláthar dóibh as córais téimh ceantair, suiteálfar méadair aonair le haghaidh uisce te, d'ainneoin mhír 1.

3. I gcás gur as gréasán téimh nó fuaraithe ceantair a dhéantar soláthar d'fhoirgnimh ilárasán agus ilchuspóra, nó i gcás córais dhílse téimh nó fuaraithe d'fhoirgnimh den sórt sin a bheith leitheadúil, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don phobal, ar bhealach trédhearcach, aon rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le leithdháileadh costas tomhaltais téimh, fuaraithe agus uisce the i bhfoirgnimh den sórt sin chun trédhearcacht agus cruinneas na cuntasaíochta i gcás tomhaltas aonair a áirithiú. I gcás inarb iomchuí, áireofar sna rialacha sin treoirlínte maidir leis an mbealach is ceart an costas a leithroinnt i dtaobh an teasa agus/nó an uisce the a úsáidtear, mar seo a leanas.

(a) uisce te i gcomhair riachtanais tí;

(b) teas a radaítear ón tsuiteáil foirgnimh agus chun na limistéir comhchoiteanna a théamh (i gcás ina mbeidh staighrí agus dorchlaí feistithe le radaitheoirí);

(c) chun árasáin a théamh.

'Airteagal 9c

**Ceanglas cianléimh**

1. Chun críocha Airteagal 9a agus Airteagal 9b, is feistí atá inléite go cianda a bheidh sna méadair agus sna leithdháileoirí costais teasa a shuiteálfar ar an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh sin [nó dáta an trasuite más amhlaidh é a bheith níos déanaí]. Coinníollacha na hindéantachta teicniúla agus na cost-éifeachtúlachta, a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 9b(1), leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu.

2. Tabharfar an cumas sin do mhéadair agus do leithdháileoirí costais teasa a suiteáladh cheana ach nach bhfuil inléite go cianda nó cuirfear feistí inléite go cianda ina n-ionad faoin [deich mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ach amháin i gcás ina suífidh an Ballstát i dtrácht nach bhfuil seo cost-éifeachtúil.' ;

(7) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Faisnéis bhilleála gáis';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 1:

'1. I gcás nach mbeidh méadair chliste dá dtagraítear i dTreoir 2009/73/CE ag custaiméirí deiridh, áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2014, go mbeidh faisnéis bhilleála cruinn agus bunaithe ar úsáid iarbhír, i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn VII, i gcás gáis, i gcás inar féidir sin go teicniúil agus go mbeidh bonn eacnamaíoch leis.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2: '

'Cumasóidh méadair a shuiteáiltear i gcomhréir le Treoir 2009/73/CE faisnéis bhilleála chruinn a bheidh bunaithe ar úsáid iarbhír. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le custaiméirí deiridh rochtain a fháil go héasca ar fhaisnéis chomhlántach maidir le tomhaltas stairiúil lena lamháiltear féinseiceálacha mionsonraithe.';

(8) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

'Airteagal 10a

**Faisnéis bhilleála agus tomhaltais i gcás téimh agus fuaraithe agus uisce te tí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil méadair nó leithdháileoirí costais teasa suiteáilte, go mbeidh an fhaisnéis bhilleála agus tomhaltais cruinn agus bunaithe ar thomhaltas iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais teasa, i gcomhréir le pointe 1 agus pointe 2 d'Iarscríbhinn VIIa i gcás gach úsáideora deiridh, is é sin le rá, daoine nádúrtha nó dlítheanacha a cheannaíonn téamh, fuarú nó uisce te dá n-úsáid deiridh féin, nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha a áitíonn foirgneamh aonair nó aonad i bhfoirgneamh ilárasán nó ilchuspóra, a soláthraítear téamh, fuarú nó uisce te dó ó fhoinse lárnach, agus nach bhfuil aon chonradh díreach nó aonair acu leis an soláthróir fuinnimh.

I gcás ina bhforálann Ballstát dá leithéid, agus seachas i gcás tomhailt fhomhéadraithe bunaithe ar leithdháileoirí costais teasa faoi Airteagal 9b, féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh trí chóras féinléimh rialta ina gcuirfidh an custaiméir deiridh nó an t-úsáideoir deiridh léamh óna méadar féin in iúl don soláthróir fuinnimh. Ní bhunófar an bhilleáil ar thomhailt mheasta nó ar chothrom-ráta ach amháin i gcás nach mbeidh léamh méadair curtha ar fáil ag an gcustaiméir deiridh nó ag an úsáideoir deiridh le haghaidh eatramh billeála áirithe.

Cinnfidh na Ballstáit cé a bheidh freagrach as an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar do na húsáideoirí deiridh sin nach bhfuil aon chonradh díreach nó aonair le soláthróir fuinnimh acu.

2. Maidir leis na Ballstáit:

(a) ceanglóidh siad, má tá faisnéis faoi bhilleáil fuinnimh agus tomhailt stairiúil nó léamha leithdháileoirí costais teasa na n-úsáideoirí deiridh ar fáil, go gcuirfear ar fáil í, ach a n-iarrfaidh an t-úsáideoir deiridh sin, do sholáthraí seirbhíse fuinnimh arna ainmniú ag an úsáideoir deiridh;

(b) áiritheoidh siad go dtairgfear do chustaiméirí deiridh rogha na faisnéise billeála leictreonaí agus billí agus go bhfaighidh siad, arna iarraidh sin, míniú soiléir agus intuigthe ar conas a tarraingíodh a mbille suas, go háirithe i gcás nach mbeidh billí bunaithe ar thomhailt iarbhír;

(c) áiritheoidh siad go gcuirfear faisnéis iomchuí ar fáil leis an mbille, bunaithe ar thomhailt iarbhír nó léamha leithdháileoirí costais teasa, do gach úsáideoir deiridh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn VIIa;

(d) féadfaidh siad a fhoráil, ar iarraidh ón gcustaiméir deiridh, nach measfar gur iarraidh ar íocaíocht faisnéis bhilleála a chur ar fáil. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go dtairgfear socruithe solúbtha le haghaidh íocaíocht iarbhír.';

(9) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Costas rochtana ar mhéadrú agus ar fhaisnéis bhilleála i gcás gáis';

(b) scriostar mír 2;

(10) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas:

'Airteagal 11a

**Costas rochtana ar mhéadrú agus ar fhaisnéis bhilleála agus tomhaltais i gcás téimh agus fuaraithe agus uisce te tí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na húsáideoirí deiridh a mbillí agus a bhfaisnéis bhilleála go léir i gcomhair tomhaltas fuinnimh, saor in aisce, agus go mbeidh rochtain ag na húsáideoirí deiridh freisin ar a sonraí tomhaltais ar shlí iomchuí agus saor in aisce.

2. D'ainneoin mhír 1, is ar bhonn neamhbhrabúsach a dhéanfar costais na faisnéise billeála do thomhaltas aonair téimh, fuaraithe agus uisce the i bhfoirgnimh ilárasán agus i bhfoirgnimh ilchuspóra a dháileadh de bhun Airteagal 9b. Féadfar costais a thig ó shannadh an chúraim sin do thríú páirtí, amhail soláthraí seirbhíse nó an soláthróir fuinnimh áitiúil, ina gcumhdaítear tomhas, leithdháileadh agus cuntasaíocht do tomhaltas aonair iarbhír sna foirgnimh sin, a chur ar aghaidh chun na n-úsáideoirí deiridh a mhéid a bheidh na costais sin réasúnach.';

3. D'fhonn a áirithiú go mbeidh costais réasúnacha ar na seirbhísí fomhéadraithe dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh na Ballstáit an t-iomaíochas a spreagadh san earnáil seirbhíse sin trí bhearta iomchuí a ghlacadh, amhail úsáid na tairisceana a mholadh nó a chur chun cinn ar shlí eile agus/nó trí úsáid a bhaint as feistí idir-inoibritheacha a éascaíonn an malartú idir soláthraithe seirbhíse.

(11) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) scriostar an chéad fhomhír agus an dara fomhír;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Comhlíonfaidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.';

(b) scriostar mír 8;

(11a) In Airteagal 20(6) leasaítear an tagairt d'Airteagal 7(1) agus déantar Airteagal 7a de.

(12) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 4 Nollaig 2017. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(b) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

'(4). Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.'

(c) athuimhrítear mír 4 agus mír 5, faoi seach, mar mhír 5 agus mír 6';

(13) In Airteagal 24, cuirtear an mhír 12 seo a leanas leis:

'12. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo faoin 28 Feabhra 2024 ar a dhéanaí, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Scrúdófar sa tuarascáil sin, go háirithe, cibé an athrófar nó nach n-athrófar an dáta deiridh a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b) agus cibé an oiriúnófar nó nach n-oiriúnófar tar éis 2030 na ceanglais agus an cur chuige malartach a leagtar síos in Airteagal 5. Beidh tograí maidir le bearta breise ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí.';

(14) déantar na hIarscríbhinní a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin XXXX [*Cuir isteach an dáta a bheidh ann 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* — *An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle* — *An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh

## IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V mar a leanas:

   (a) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 3: '(3) Infheidhme nuair a dhéantar coigiltis fuinnimh a ríomh i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil trí fheidhm a bhaint as cur chuige ón mbonn aníos bunaithe ar thomhailt fuinnimh deiridh. Is ceadmhach do na Ballstáit comhéifeacht réamhshocraithe 2,0 a chur i bhfeidhm le haghaidh coigilteas i leictreachas kWh. Is ceadmhach do na Ballstáit comhéifeacht éagsúil a chur i bhfeidhm ar an gcoinníoll gur féidir leo údar cuí a thabhairt di.'.

   (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn V:

*'Iarscríbhinn V*

**Modhanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna chun tionchar scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh nó bearta beartais eile faoi Airteagal 7(1) agus Airteagal 7(2), Airteagal 7a agus Airteagal 7b agus Airteagal 20(6) a thomhas:**

1. Modhanna chun coigiltis fuinnimh seachas iad siúd a eascraíonn ó bhearta cánachais chun críocha Airteagal 7(1) agus Airteagal 7(2), Airteagal 7a agus Airteagal 7b agus Airteagal 20(6) a ríomh.

Féadfaidh páirtithe faoi oibleagáid, páirtithe rannpháirteacha nó páirtithe iontaoibhe, nó údaráis phoiblí cur chun feidhme, feidhm a bhaint as na modhanna seo a leanas chun coigiltis fuinnimh a ríomh:

(a) coigiltis ionchasacha, mar thagairt do na torthaí ar fheabhsuithe fuinnimh a ndearnadh faireachán neamhspleách orthu cheana i suiteálacha cosúla. Tugtar *'ex-ante'* ar an gcur chuige cineálach;

(b) coigiltis mhéadraithe, ina ndéantar na coigiltis ó shuiteáil birt, nó pacáiste de bhearta, a chinneadh tríd an laghdú iarbhír ar úsáid fuinnimh a thaifeadadh, agus aird chuí á tabhairt fachtóirí amhail breisíocht, áitíocht, leibhéil táirgeachta agus an aimsir a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thomhaltas. Tugtar *'ex-post'* ar an gcur chuige cineálach;

(c) coigiltis scálaithe, ina n-úsáidtear meastacháin innealtóireachta ar choigiltis. Ní féidir feidhm a bhaint as an gcur chuige seo ach amháin i gcás go bhfuil sé deacair nó go díréireach daor sonraí tomhaiste láidre i gcomhair suiteáil shonrach a bhunú, e.g. comhbhrúiteoir nó mótar leictreach ag a bhfuil rátáil kWh éagsúil a chur in ionad comhbhrúiteoir nó mótar leictreach a ndearnadh faisnéis neamhspleách ar choigiltis a thomhas ina leith, nó i gcás go ndéanann saineolaithe cáilithe nó creidiúnaithe atá neamhspleách ó na páirtithe faoi oibleagáid, páirtithe rannpháirteacha nó páirtithe iontaoibhe na meastacháin sin ar bhonn modheolaíochtaí agus tagarmharcanna a bunaíodh go náisiúnta;

(d) coigiltis a rinneadh suirbhéireacht orthu, ina gcinntear freagairt tomhaltóirí do chomhairle, d'fheachtais faisnéise, do lipéadú nó do scéimeanna deimhniúcháin nó do mhéadrú cliste. Ní féidir feidhm a bhaint as an gcur chuige sin ach amháin do choigiltis a eascraíonn ó athruithe in iompar na dtomhaltóirí.

2. Nuair a bheidh na coigiltis fuinnimh do bheart éifeachtúlachta fuinnimh á socrú chun críocha Airteagal 7(1) agus Airteagal 7(2), Airteagal 7a agus 7b agus Airteagal 20(6), beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

(a) caithfear a thaispeáint go bhfuil na coigiltis sa bhreis orthu siúd a bheadh ann ar aon chaoi gan gníomhaíocht na bpáirtithe faoi oibleagáid, rannpháirteacha nó iontaoibhe agus/nó na n-údarás cur chun feidhme. Chun a chinneadh cé na coigiltis is féidir a éileamh mar choigiltis bhreise, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an chaoi a bhforbródh tomhailt fuinnimh in éagmais an bhirt beartais faoi thrácht;

(b) measfar gur coigiltis a eascraíonn ó chur chun feidhme reachtaíocht éigeantach an Aontais coigiltis a bheadh ann ar aon nós, agus dá bhrí sin, ní féidir iad a éileamh faoi mhír 1 d'Airteagal 7. Mar eisceacht air sin, coigiltis atá bainteach le hathchóiriú foirgneamh atá ann cheana, is féidir iad a éileamh faoi mhír 1 d'Airteagal 7, ar choinníoll go n-áiritheofar an critéar ábharthachta dá dtagraítear i gcuid 3(h). Féadfar coigiltis a eascraíonn as cur chun feidhme buncheanglais náisiúnta a bunaíodh ar mhaithe le foirgnimh nua roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2010/31/AE a éileamh faoi mhír 1(a) d'Airteagal 7(1)(a), ar choinníoll go n-áiritheofar an critéar ábharthachta dá dtagraítear i gcuid 3(h).

(c) ní féidir creidmheas a thabhairt ach amháin do choigiltis atá níos mó ná na leibhéil seo a leanas:

(i) Caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí an Aontais le haghaidh gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua tar éis Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme[2];

(ii) Ceanglais an Aontais maidir le hearraí áirithe a bhfuil baint acu le fuinneamh a baint den mhargadh tar éis na bearta cur chun feidhme faoi Threoir 2009/125/CE a chur chun feidhme.

(d) ceadaítear beartais a bhfuil mar sprioc acu éifeachtúlacht fuinnimh níos airde a spreagadh do tháirgí, trealamh, foirgnimh agus gnéithe tógála, próisis nó margaí;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 140, 5.6.2009, lch 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 145, 31.5.2011, lch. 1).

(dd) coigiltis fuinnimh a eascraíonn as bearta beartais a chuireann suiteáil teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite ar mionscála chun cinn ar fhoirgnimh nó i bhfoirgnimh, beidh siad incháilithe agus is féidir iad a chur san áireamh i dtreo chomhlíonadh an cheanglais coigilte fuinnimh faoi Airteagal 7(1), sa mhéid agus go rannchuideoidh siad leis an díolachán fuinnimh le custaiméirí deiridh san fhoirgneamh a laghdú agus a mhéid a dhéantar toirt fuinnimh phríomhúil a choigilt. Comhlíonfaidh ríomh na gcoigilteas ceanglais na hIarscríbhinne seo.

(e) le haghaidh beartais a chuireann dlús le glacadh táirgí agus feithiclí níos éifeachtúla, féadfar creidmheas iomlán a éileamh ar choinníoll go dtaispeántar go dtarlóidh an glacadh sula n-éagfaidh an saolré mheánach lena bhfuiltear ag súil don táirge nó don fheithicil, nó sula ndéanfaí an táirge nó an fheithicil a ionadú de ghnáth, agus nach n-éileofar coigiltis don tréimhse go dtí go mbeidh an saolré mheánach lena bhfuiltear ag súil don táirge nó don fheithicil atá le hionadú imithe in éag;

(f) agus glacadh beart éifeachtúlachta fuinnimh á gcur chun cinn acu, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar caighdeáin cháilíochta a chothabháil do tháirgí, do sheirbhísí agus do shuiteáil beart nó go dtabharfar isteach iad i gcás nach ann do na caighdeáin sin;

(g) chun míniú a thabhairt ar éagsúlachtaí aeráide idir réigiúin a chur san áireamh, féadfaidh Ballstáit rogha a dhéanamh na coigiltis a oiriúnú do luach caighdeánach nó chun coigiltis fuinnimh éagsúla a thabhairt i gcomhréir le hathruithe teochta idir réigiúin;

(h) déanfaidh ríomh na gcoigilteas fuinnimh saolré na mbeart a chur i gcuntas. Féadfar é sin a dhéanamh trí na coigiltis a bhainfidh gach gníomhaíocht aonair amach a chomhaireamh idir a dháta cur chun feidhme agus an 31 Nollaig 2020 nó an 31 Nollaig 2030 mar is iomchuí. Mar mhalairt air sin, féadfaidh na Ballstáit modh eile a ghlacadh a mheastar go mbainfidh sé amach an méid iomlán céanna de choigiltis ar a laghad. Nuair a bheidh feidhm á baint acu as modhanna eile, áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh méid iomlán na gcoigilteas fuinnimh arna ríomh trí fheidhm a bhaint as na modhanna eile sin méid na gcoigilteas fuinnimh a bheadh mar thoradh ar a ríomh agus na coigiltis a bhainfear amach le gach beart aonair idir a dháta cur chun feidhme agus an 31 Nollaig 2020 nó 31 Nollaig 2030 mar is iomchuí á gcomhaireamh acu.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na ceanglais do na bearta beartais seo a leanas arna nglacadh de bhun Airteagal 7b agus Airteagal 20(6):

(a) go gcruthóidh na bearta beartais agus na gníomhartha aonair coigiltis fuinnimh úsáide deiridh atá infhíoraithe;

(b) go gcaithfear freagracht gach páirtí rannpháirtigh, gach páirtí iontaoibhe nó gach údarás poiblí cur chun feidhme, de réir mar is ábhartha, a shainmhíniú go soiléir;

(c) go ndéanfar na coigiltis fuinnimh a baineadh amach nó atá le baint amach a chinneadh ar bhealach trédhearcach;

(d) go sloinnfear an méid coigilteas fuinnimh atá de dhíth nó atá le baint amach ag an mbeart beartais i dtomhailt fuinnimh deiridh nó i dtomhailt fuinnimh phríomhúil, agus feidhm á baint as na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;

(e) go gcuirfear tuarascáil bhliantúil ar fáil de na coigiltis fuinnimh a bhain na páirtithe iontaoibhe, na páirtithe rannpháirteacha agus na húdaráis cur chun feidhme amach, ach amháin i gcás nach indéanta, agus go ndéanfar í a fhoilsiú mar aon le sonraí ar threocht bhliantúil an choigiltis fuinnimh;

(f) go ndéanfar faireachán ar na torthaí agus go nglacfar bearta iomchuí mura bhfuil an dul chun cinn sásúil;

(g) ní fhéadfaidh níos mó ná aon pháirtí amháin na coigiltis ó ghníomhaíocht aonair a éileamh;

(h) go dtaispeánfar go raibh gníomhaíochtaí an pháirtí rannpháirtigh, an pháirtí iontaoibhe nó an údaráis phoiblí cur chun feidhme ábhartha maidir le gnóthú na gcoigilteas a éilíodh.

4. Chun an coigilteas fuinnimh ó bhearta beartais atá bainteach le cánacha a tugadh isteach faoi Airteagal 7b a chinneadh, beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

(a) ní thabharfar creidmheas ach amháin do choigiltis fuinnimh ó bhearta cánacha a sháraíonn na híosleibhéil cánachais is infheidhme ar bhreoslaí mar a éilítear i dTreoir 2003/96/CE[1] ón gComhairle nó i dTreoir 2006/112/CE[2] ón gComhairle;

(b) caithfidh an praghasleaisteachas chun tionchar na mbeart cánach (fuinnimh) a ríomh freagrúlacht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach an éilimh fuinnimh d'athruithe praghsanna a léiriú, agus déanfar é a mheasúnú ar bhonn foinsí sonraí oifigiúla ionadaíocha nua;

(c) déanfar na coigiltis fuinnimh ó ionstraimí beartais cánachais a ghabhann leo, lena n-áirítear dreasachtaí fioscacha nó íocaíocht chuig ciste, a chuntasú ar leithligh.

5. Fógra i dtaobh na modheolaíochta

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin modheolaíocht mhionsonraithe atá molta acu chun na scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh agus na bearta malartacha dá dtagraítear in Airteagal 7a agus Airteagal 7b agus Airteagal 20(6) a fheidhmiú. Seachas i gcás cánacha, beidh sonraí faoi na nithe seo a leanas i bhfógra den sórt sin:

---

1 Treoir 2003/96/CE ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail táirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51) a chur faoi cháin.

2 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

(a) leibhéal cheanglais na gcoigilteas fuinnimh nó na coigiltis lena mbeifear ag súil go mbainfear amach iad thar an tréimhse ar fad ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030;

(b) na páirtithe faoi oibleagáid, na páirtithe rannpháirteacha nó páirtithe iontaoibhe, nó na húdaráis phoiblí cur chun feidhme;

(c) na hearnálacha sprice;

(d) bearta beartais agus gníomhartha aonair atá tuartha ag an mbeart beartais, lena n-áirítear an méid carnach iomlán de choigiltis lena bhfuiltear ag súil le haghaidh gach birt;

(e) fad na tréimhse oibleagáide do na scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh;

(f) na gníomhartha atá tuartha ag an mbeart beartais;

(g) modheolaíocht an ríomha, lena n-áirítear conas a cinneadh an bhreisíocht agus an ábharthacht agus cé na modheolaíochtaí agus na tagarmharcanna a úsáidtear le haghaidh coigiltis mheasta agus scálaithe;

(h) saolréanna na mbeart agus conas a dhéantar iad a ríomh nó cad air a bhfuil siad bunaithe;

(i) an cur chuige a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar athruithe aeráide laistigh den Bhallstát;

(j) na córais faireacháin agus fíorúcháin le haghaidh bearta faoi Airteagal 7a agus Airteagal 7b agus conas a dhéantar neamhspleáchas na mbeart sin ó na páirtithe faoi oibleagáid, ó na páirtithe rannpháirteacha nó ó na páirtithe iontaoibhe a áirithiú;

(k) i gcás cánacha, beidh mionsonraí de na nithe seo a leanas san fhógra:

(i) earnálacha sprice agus sciar na gcáiníocóirí;

(ii) an t-údarás poiblí cur chun feidhme;

(iii) na coigiltis lena bhfuiltear ag súil iad a bhaint amach;

(iv) an fad a mhairfidh an beart cánachais; agus

(v) an mhodheolaíocht ríofa, lena n-áirítear cén praghasleaisteachas a úsáidtear agus conas a bunaíodh é.';

2. Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Na ceanglais íosta do bhilleáil agus d'fhaisnéis bhilleála bunaithe ar thomhailt iarbhír gáis';

(b) cuirtear isteach an Iarscríbhinn VIIa seo a leanas:

'*Iarscríbhinn VIIa*

**Na ceanglais íosta do bhillí agus d'fhaisnéis tomhaltais i gcás téimh, fuaraithe agus uisce te**

1. An bhilleáil bunaithe ar thomhailt iarbhír nó léamha na leithdháileoirí costais teasa

D'fhonn úsáideoirí deiridh a chumasú chun a dtomhaltas fuinnimh féin a rialú, déanfar billeáil ar bhonn tomhailt iarbhír nó léamha leithdháileoirí costais uair sa bhliain ar a laghad.

2. Minicíocht íosta na billeála nó na faisnéise tomhaltais

Amhail ón [XXX dáta an trasuite] i gcásanna inar suiteáladh méadair nó leithdháileoirí costais teasa atá inléite go cianda, cuirfear faisnéis bhilleála nó tomhaltais bunaithe ar thomhailt iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais ar fáil ar a laghad gach ráithe arna iarraidh sin nó i gcás inar roghnaigh na custaiméirí deiridh billeáil leictreonach a fháil, nó faoi dhó sa bhliain murach sin.

Ón 1 Eanáir 2022, i gcás inar suiteáladh méadair nó leithdháileoirí costais teasa atá inléite go cianda, cuirfear faisnéis bhilleála nó tomhaltais bunaithe ar thomhailt iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais teasa ar fáil gach re mí ar a laghad. Féadfar téamh agus fuarú a dhíolmhú uaidh sin lasmuigh de na séasúir téimh/fuaraithe.

3. An fhaisnéis íosta a bheidh sa bhille bunaithe ar thomhailt iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais teasa

Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis seo a leanas do na húsáideoirí deiridh i dtéarmaí atá soiléir, sothuigthe ina mbillí nó lena mbillí bunaithe ar thomhailt iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais teasa:

(a) praghsanna iarbhír reatha agus tomhailt iarbhír nó costas teasa iomlán agus léamh leithdháileoirí costais teasa;

(b) faisnéis faoin meascán breosla a úsáidtear, lena n-áirítear d'úsáideoirí deiridh arna soláthar ag córas téimh ceantair nó córas fuaraithe ceantair;

(c) comparáidí do thomhailt fhuinnimh reatha na n-úsáideoirí deiridh le tomhailt don tréimhse chéanna sa bhliain roimhe, i bhfoirm ghrafaic, arna ceartú ó thaobh na haeráide de le haghaidh téimh agus fuarú;

(d) faisnéis teagmhála d'eagraíochtaí úsáideoirí deiridh, gníomhaireachtaí fuinnimh nó comhlachtaí comhchosúla, óna bhféadfar faisnéis a fháil faoi na bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh atá le fáil, faoi phróifílí comparáideacha úsáideoirí deiridh agus sonraíochtaí teicniúla oibiachtúla do threalamh úsáidte fuinnimh.

Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil d'úsáideoirí deiridh comparáidí le meán-úsáideoir deiridh normalaithe nó tagarmharcáilte sa chatagóir úsáideora chéanna i dtéarmaí atá soiléir sothuigthe, ina mbillí, in éineacht lena mbillí nó go bhfuil treoraithe go dtí laistigh dá mbillí, bunaithe ar thomhailt iarbhír nó ar léamha leithdháileoirí costais dáileoirí.'.